

ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

Uimhir Thagartha an Iarratais. _____

Uimhir Fille (más infheidhme) _____

FOIRM IARRATAIS DO CHEAD SAORÁIDE DRAMHAÍOLA AGUS DO DHEIMHNIÚ CLÁRÚCHÁIN



**Comhairle Chontae Shligigh
Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil
Áras an Chontae, Bruach na hAbhann,
Sligeach**

www.sligococo.ie

1. GINEARÁLTA	1
1.1 Réamhrá	1
1.2 Comhairliúchán réamh-iarratais	1
1.3 Treoir maidir leis an bhfoirm iarratais	2
1.4 Doiciméid bhreise le cur san áireamh	3
1.5 Maidir leis na treoirnótaí seo	4
2. FOIRM IARRATAIS DO CHEAD SAORÁIDEDRAMHAÍOLA AGUS DO DHEIMHNIÚ CLÁÚCHÁIN	5
Cuid A: Cineál Iarratais	5
Cuid B: Faoin iarratasóir	6
Cuid C: Faoin saoráid	10
Cuid D: Faoin ngníomhaíocht	12
Cuid E: Suíomh na saoráide	21
Cuid F: Eolas breise	23
Cuid G: Dearbhú Reachtúil	24

AGUISÍNÍ

1. SEICLIOSTA - [EOLAS LE SOLÁTHAR LEIS AN IARRATAS SEO](#)
2. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AISGHABHÁLA AGUS DIÚSCARTHA DE RÉIR TRÍÚ AGUS CEATHRÚ SCEIDEAL NA NACHTANNA UM BAINISTIÚ DRAMAÍOLA 1996-2011
3. TRÍÚ SCEIDEAL CUID 1 AND CUID 11
4. CEATHRÚ [SCEIDEAL](#)
5. ALT 11 – FOIRM [IARRATAIS](#)
6. DEARBHÚ AIRGEADAIS
7. ÁRACHAS DLITEANAIS PHOIBLÍ

1. GINEARÁLTA

1.1 Réamhrá

Is le haghaidh na spriocanna seo a leanas an fhoirm seo faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Saoráide agus Clárú) I.R. Uimh. 821 de 2007 agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Saoráide agus Clárú (Leasú) I.R. Uimh. 86 de 2008 agus I.R. Uimh. 126 de 2011 (dá ngairtear 'na Rialacháin' dá éis seo);

- (a) Iarratas a chur isteach ar Chead Saoráide Dramhaíola; nó
- (b) Iarratas a chur isteach ar Athbhreithniú ar Chead Saoráide Dramhaíola; nó
- (c) Iarratas a chur isteach ar Dheimhniú Clárúcháin; nó
- (d) Iarratas a chur isteach ar Athbhreithniú ar Dheimhniú Clárúcháin; nó

Is féidir an Treoirleabhar agus an fhoirm iarratais a íoslódáil ar na suíomhanna gréasáin seo: www.sligococo.ie agus www.epa/wastepermit

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don údarás áitiúil cuí dul i dteagmháil leis an iarratasóir nó ionadaí an iarratasóra fad is atá an t-iarratas á phróiseáil d'fhonn an próiseas iarratais a dhéanamh chomh éifeachtúil agus is féidir. Caithfidh go bhfuil eolas maith ar an bfoirm iarratais agus ar na sonraí atá tugtha ag an duine luaite mar theagmhálaí ar an iarratas. Moltar gur cheart gurb é an duine a chomhlánaigh an fhoirm iarratais agus a chomhlánaigh aon eolas tacaíochta cuí an duine a luaitear mar theagmhálaí ar an iarratas.

1.2 Comhairliúchán sula gcuirtear isteach ar iarratas

Moltar go dtéann an t-iarratasóir mbun comhairliúcháin réamhiarratais nó plé leis an údarás áitiúil cuí (i gcás iarratais ón earnáil phíomháideach) nó leis an nGníomhaireacht (i gcás iarratais ón údarás áitiúil) sula gcuirtear isteach ar aon chineál de na iarratais thuasluaite go foirmiúil.

Comhlíonann an comhairliúchán réamhiarratais riachtanais faoi na Rialacháin um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA as Béarla), maidir le suíomhanna a bhféadfadh go mbeadh gá le EIA.¹ D'fhéadfadh go mbeadh ort cruinniú ar leith a reáchtáil leis an údarás pleanála cuí.

Nuair atá soiléiriú ag teastáil ó dhaoine faoi Alt 11 de na Rialacháin, áirítear proforma le hAguisín a trí ar **Iarratas chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar chinneadh cé acu gur gá le ceadúnas dramhaíola, ceadúnas saoráide dramhaíola, deimhniú clárúcháin nó nár gá le ceann ar bith díobh seo**

Moltar go dtéann an t-iarratasóir i dtaithí leis an bhfoirm iarratais agus leis na rialacháin sula dtosaíonn sé ar an iarratas a chríochnú. Ina theannta seo caithfidh go bhfuil iarratasóirí aireach ar riachtanais an Plean nó na bPleananna um Bainistiú Dramhaíola don cheantar nó na ceantair agus an Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach 2008-2012.

Is féidir na pleananna bainistíochta um dramhaíl a íoslódáil ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil go léir. Tá an Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach 2008-2012 a chuir an EPA le chéile ar fáil ag:

¹ Teastaíonn EIS do ghníomhaíocht dramhaíola nó aisghabhála atá >25,000 tonna (Uimh. I.R. 349/1989: Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 1989 (Measúnacht Tonchair Timpeallachta).)

Aon athrú nó síneadh forbartha go mbeadh méadú ar thomhas atá níos mó ná 25%, nó ar luach cothrom le 50% den tairseach chuí, cé acu ceann atá níos mó. (Uimhir. I.R. 93 de 1999. Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 1999 (Measúnacht Tonchair Timpeallachta) (Leasú).)

<http://www.epa.ie/downloads/pubs/waste/haz/>

Má theastaíonn uait dul i dteagmháil le Comhairle Chontae Shligigh maidir le d'iarratas, bain úsáid as na sonraí sa tábla thíos.

Matthew Byrne, Oifigeach Forfheidhmiúcháin um Dramhaíl, Comhairle Chontae Shligigh, Áras an Chontae, Cois Abhann, Sligeach.

Teileafón: 071-9111461 nó Ríomhphost: mbyrne@sligococo.ie

Pete Murtagh, Oifigeach Forfheidhmiúcháin um Dramhaíl, Comhairle Chontae Shligigh, Áras an Chontae, Cois Abhann, Sligeach.

Teileafón: 071-9111460 nó Ríomhphost: pmurtagh@sligococo.ie

1.3 Treoir ar an bhFoirm Iarratais

Cuirtear iarratas isteach ar Chead Saoráide Dramhaíola faoi Alt 10 na Rialachán. Sonraítear a bhfuil in iarratas agus an t-eolas a théann le hiarratas san Alt seo.

Cuirtear iarratas isteach ar Athbhreithniú ar Chead Saoráide Dramhaíola faoi Alt 31 na Rialachán.

Cuirtear iarratas isteach ar Dheimhniú Clárúcháin faoi Alt 37.

Cuirtear iarratas isteach ar Athbhreithniú ar Dheimhniú Clárúcháin reatha faoi Alt 38.

Deartear an fhoirm iarratais seo ar bhealach go leagtar amach na ceisteanna seo i slí struchtúrtha agus ní san ord a chuirtear iad sna Rialacháin.

D'fhéadfadh sé nach mbaintear gach cuid san fhoirm iarratais seo le gach iarratas, gníomh nó cineál iarratasóra. Ba chóir don iarratasóir dul tríd an bhfoirm chomhlánaithe go cúramach agus an t-eolas cuí uilig a chur ar fáil. Má cheaptar nach mbaintear ceist ar bith leis an iarratasóir, ba chóir go sonróaí é seo go soiléir. Níor chóir go n-úsáidfí giorrúcháin (N.A. nó fleiscín mar shampla).

Ba chóir d'iarratóirí atá ag cur isteach ar Athbhreithniú ar Chead Saoráide nó ar Dheimhniú Clárúcháin an t-eolas cuí (a bhaineann leis an Athbhreithniú) uilig a chur ar fáil. Má cheaptar nach mbaintear ceist ar bith leis an iarratasóir, ba chóir go sonróaí é seo go soiléir.

Is féidir ceangaltáin bhreise a sholáthar d'fhonn aon eolas eile a thacaíonn an t-iarratas a chur ar fáil. Ba chóir go n-uimhrofaí ceangaltáin go soiléir agus go mbeadh teidil agus uimhreacha leathanaigh orthu agus go gcuirfí an t-eolas cuí (mar a leagtar amach san fhoirm iarratais) ar fáil.

Ba chóir go n-úsáidfí aonaid tomhais chomhsheasmhacha tríd an bhfoirm iarratais. Tugann **Tábla 1** ar leathanach 3 na mionsonraí maidir leis na fachtóir choinbhéartachta toirt go meáchan tógtha as na rialacháin um bainistíocht dramhaíola (tobhach líonta talún), 2002, I.R. Uimh. 86 de 2002 agus I.R. Uimh. 126 de 2011.

Catagóir na dramhaíola	Cineálacha tipiciúla na dramhaíola	Méadair chiúbacha go tonnaí - iolraigh faoi:	Slata ciúbacha go tonnaí - iolraigh faoi:
Dramhaíl neamhghníomhach nó thámh	Dothuaslagtha le huisce don chuid is mó agus do-bhithmhille nó in-bhithmhille go mall: gaineamh, fo-ithir, coincreít, brící, snáithíní mianracha, snáithínghloine agus araile.	1.5	1.15
Dramhaíl ghinearálta thionsclaíoch - neamhspeisialta, nach bhfuil dlúite. (Toisc gur féidir le dlúthúchán dlús na catagóire dramhaíola a mhéadú go suntasach, má ghlactar le dramhaíl dhlúite beidh sé riachtanach an fachtóir coinbhéartachta a ardú dá réir)	Páipéar agus plaistigh. Cárta, pailléid, plástarchlár, dramhaíl ó cheaintíní, min sáibh, teicstílí, leathar. Adhmaid, dramhaíl tógála agus foirgníochta agus araile. Gaineamh teilgcheárta, slaig, luaith mhionlaithe bhreosla, luaith ó loscadh dramhaíola.	0.15 0.4 0.6 1.5	0.11 0.3 0.46 1.15
Dramhaíl tí - nach bhfuil dlúite	Dramhaíl neamhghníomhach agus neamhspeisialta ó áitreabh teaghlaigh, dramhaíola tí a bhailítear san áireamh.	0.2	0.15
Dramhaíl tí - dlúite (diúscairtí builc san áireamh)	Dramhaíl neamhghníomhach agus neamhspeisialta ó áitreabh teaghlaigh, dramhaíola tí a bhailítear san áireamh.	0.4	0.30
Dramhaíl tí - nach bhfuil dlúite (Toisc gur féidir le dlúthúchán dlús na catagóire dramhaíola a mhéadú go suntasach, má ghlactar le dramhaíl dhlúite beidh sé riachtanach an fachtóir coinbhéartachta a ardú dá réir)	Dramhaíl neamhspeisialta, neamhghníomhach ó shiopaí, ospidéal, ionaid fóillíochta, oifigí agus araile, lena n-áirítear dramhaíl chonlaiste chathartha, dramhaíl ó pháirceanna agus gairdíní, dramhaíl ó ollmhargaí, siopaí agus bialanna, dramhaíl ghinearálta oifige.	0.2	0.15
Dramhaíl eile nach bhfuil tagairt déanta di		1.0	0.76

Table 1. Fachtóir choibhéartachta toirt go meáchan

Nóta: Má bhaineann lasta dramhaíola le níos mó ná ceann amháin de na catagóirí a sonraítear sa tábla thuas, cuirtear an fachtóir coinbhéartachta níos airde i bhfeidhm.

1.4 Doiciméid Bhreise le hÁireamh:

Leagtar na doiciméid agus eolas a chaithfear a sholáthar leis an iarratas amach mar sheicliosta in **Aguisín 1** na foirme iarratais seo. Moltar don iarratasóir an seicliosta a chomhlánú agus a chur leis an iarratas. Iarrfaidh an t-údarás áitiúil ar aon iarratasóir nach gcuireann na doiciméid chuí go léir ar fáil na doiciméid sin atá ar lár a sholáthar taobh istigh d’amscála áirithe.

1.5 Maidir leis na Treoirnótaí seo

Forbraíodh na treoirnótaí seo chun cabhrú le hiarratasóirí iarratas a hullmhú le húdarás a fáil i gcomhar Saoráid Dramhaíola.

Níl an doiciméad seo in ainm is a bheith ina léirmhíniú dlithiúil (agus níor chóir féachaint air sa chaoi sin) ar riachtanais agus ar fhorálacha na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Cead Saoráide agus Clárú) I.R. Uimh. 2007 de 2007 agus na Riachachán um Bainistiú Dramhaíola (Cead Saoráide agus Clárú) (Leasú) I.R. Uimh. 86 de 2008 agus I.R. Uimh. 126 de 2011.

Cé go ndearnadh gach iarracht chun cruinneas na faisnéise atá le fáil sa cháipéis seo a chinntiú, ní ghlacann an t-údarás inniúil le freagracht ar bith agus ní thugann sé aon bhannaí, barántaí nó gealltanais maidir le cruinneas, iomláine nó cé chomh suas chun dáta is atá an t-eolas anseo agus ní ghlactar le dliteanas ag eascairt as earráidí nó easnaimh ar bith.

Breathnaigh ar an suíomh gréasáin chun teacht ar threoir níos mine ag www.epa/wastepermit

2. FOIRM IARRATAIS DO CHEAD SAORÁIDE DRAMHAÍOLA AGUS DO DHEIMHNIÚ CLÁRÚCHÁIN

Cuid A: Cineál Iarratais

A.1 Cuir tic leis an mbosca cuí lena mbaineann an t-iarratas seo (cuir tic le haon bhosca amháin).

Iarratas do Chead Saoráide Dramhaíola	<input type="checkbox"/>
Iarratas d'Athbhreithniú ar Chead Saoráide Dramhaíola	<input type="checkbox"/>
Iarratas do Dheimhniú Clárúcháin	<input type="checkbox"/>
Iarratas d'Athbhreithniú ar Dheimhniú Clárúcháin	<input type="checkbox"/>

A.2 An bhfuil an t-iarratas á chomhlánú ag Sainchomhairleoir/Gníomhaire?

Tá

Níl

Má tá tabhair ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an Sainchomhairleora/an Gníomhaire.

Seoladh:	
Teil:	
Facs:	
ríomhphost:	
Ainm an Teagmhálaí:	

Cuid B: Faoin Iarratasóir

Baineann an chuid seo leis an iarratasóir(i) a bheidh i mbun gnó sa saoráid dramhaíola.

B.1 Ainm iomlán an iarratasóra/na n-iarratasóirí [Alt 10(1) (a)]

Caithfidh gur eintiteas dlíthiúil é an t-iarratóir/na hiarratasóirí (duine aonair, trádálaí aonair, comhpháiríocht nó comhlacht corparáideach).

Ainm/Ainmneacha:	
Ainm/Ainmneacha:	
Ainm/Ainmneacha:	

B.2 Gach ainm trádála/ainmneacha trádála a úsáidtear nó a úsáidfear amach anseo ag an iarratasóir/na hiarratasóirí [Alt 10 (1) (b)]

Ainm an Trádálaí:	
Ainm an Trádálaí:	

Más trádálaí aonair é an t-iarratasóir/iad na hiarratasóirí, ní gá cuid B3 agus cuid B4 a chomhlánú.

B.3 An comhlacht corparáideach é/iad an t-iarratasóir/na hiarratasóirí? [Alt 10 (1) (h)]

Is ea

Ní hea

(i) Más ea tabhair uimhir na cuideachta agus cuir cóip an deimhnithe chuí a eisítear ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí

(ii) Murab ea sonraigh Ainm Cláraithe nó Trádála na Cuideachta má tá an Chuideacht ag trádáil faoi ainm. [Alt 10 (1) (1)]

Ainm na Cuideachta:	
Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	

B.4 An comhpháirtíocht é/iad an t-iarratasóir/na hiarratasóirí? [Alt 10 (1) (e)]

Is ea

Ní hea

Más comhpháirtíocht é an t-iarratasóir, sonraigh ainmneacha agus seoltaí na gcomhpháirtithe:

Ainm:	
Seoladh:	

Ainm:	
Seoladh:	
Ainm:	
Seoladh:	

B.5 Ainm iomlán an iarratasóra/na n-iarratasóirí [Alt 10(1) (d)]

Seoladh na príomháite gnó, nó i gcás comhlachta chorparáideachta, seoladh na príomhoifige nó na hoifige cláraithe de chuid an iarratasóra nó na n-iarratasóirí agus más bainteach an uimhir thileafóin, an uimhir theileafacs agus seoladh ríomhphoist agus aon sheoladh eile lena mbaineann an t-iarratas:

Seoladh:	
Teil:	
Facs:	
ríomhphost:	
Ainm an Teagmhálaí:	

Más comhlacht corparáideach é an t-iarratasóir/iad na hiarratasóirí sonraigh le do thoil ainm agus seoladh na stiúrthóirí, na mbainisteoirí na rúnaithe comhlachta agus seoladh aon oifigigh eile den chineál céanna de chuid an chomhlachta chorparáideachta: [Alt 10 (1) (f)]

Ainm, seoladh agus post:	
Ainm, seoladh agus post:	
Ainm, seoladh agus post:	
Ainm, seoladh agus post:	
Ainm, seoladh agus post:	

post:	
--------------	--

B.6 B.1 Leas Dlíthiúil sa talamh [Alt 10 (1) (c)]

Luaign an leas dlíthiúil agus an cead atá ag an iarratasóir/na hiarratasóirí maidir leis an talamh ar a bhfuil an tsaoráid atá molta suite (e.g. sealbhóir léasa, úinéir, tionónta, ceannaitheoir ionchasach), agus cuir cóip den chruthúnas ar fáil:

Leas Dlíthiúil:	
Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	

B.7 Ciontuíthe Ábhartha/Ordú Cúirte

Ar ciontaíodh an t-iarratasóir, lena n-áirítear, i gcás comhlacht corpraithe, aon oifigeach de chuid an chomhlachta sin, i gcion ar bith, an tAcht, na hAchtanna fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus 2003, na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990 nó an tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007 (I.R. Uimh. 821 de 2007) agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide) (Leasú) (I.R. Uimh. 86 de 2008 agus I.R. Uimh. 126 de 2011) taobh istigh de na 10 mbliana roimhe seo? [Alt 10 (1) (dd)]

Ciontaíodh

Níor ciontaíodh

Más ea (a) cuir leathanach breise isteach a thugann sonraí ar an éisteacht chúirte, cás, nádur an chiona agus aon phíonós nó riachtanais a ghearr an Chúirt. Má tá níos mó ná cion amháin le sonrú, úsáid leathanach ar leith i gcomhar gach ciona. [Alt 10 (1) (dd)]

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

Má sea (b) sonraigh leathanach breise a shonraíonn aon riachtanas a gearradh ar an iarratasóir ar ordú na cúirte faoin Acht [Alt 10 (1) (ee)]

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

Sa chás gur duine nó comhpháirtíocht é an t-iarratasóir, cuir san áireamh sonraí faoi aon chiontú den sórt sin sa chás go raibh an duine nó an comhpháirtí ina stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí cuideachta nó oifigeach den sórt céanna do chomhlacht corpraithe ag aon am taobh istigh de na 10 mbliana deireanacha roimh an iarratas seo. [Alt 10 (2) (b)]

Cuid C: Faoin Saoráid

C.1 Suíomh nó seoladh poist na saoráide lena mbaineann an t-iarratas [Alt 10 (1) (g)]

Seoladh:	
Baile Fearainn:	
Tagairt Eangaí Náisiúnta do lár an láithreáin (10 ndigit 5E,5N)	

C.2 Léarscáil an tsuímh agus pleananna de leagan amach [Alt 10 (1) (k)]

Is gá na sonraí seo a leanas a áireamh:

- **CÚIG CHÓIP** de phleananna agus léarscáileanna cuí de leagan amach a bhaineann leis an saoráid (<1:2500) lena n-áirítear:
 - léarscáil an tsuímh,
 - plean an leagain amach beartaithe don saoráid
 - teorainneacha an tsuímh marcáilte go soiléir, agus
 - sonraí maidir le:
 - Uimhreacha na dTagairtí Bileoige de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis (1:50,000 - discovery series)
 - Leibhéal Airde (méadair) agus an Tagra Léarscáileachta a úsáideadh
 - Buntomhais (méadair)
 - Treoshuíomh an Mhoil Thuaidh
- Ní mór **CÚIG CHÓIP** de phlean de leagan amach an láithreáin (<1:5000) a sholáthar freisin ina dtaispeánfar an chaoi a mbeidh an láithreán leagtha amach agus lena n-áireofar sonraí de (más infheidhme):
 - An tslí isteach chuig an láithreán
 - Láithreacha Stórála Dramhaíola
 - Láithreacha Cóireála Dramhaíola
 - An draenáil ar an láithreán, lena n-áirítear idircheapóir ola (má tá sé suiteáilte)
 - Oifig an láithreáin
 - Droichead meáite (más ann dó)
 - Sruth tráchta

- An cineál dromchla taobh istigh den tsaoráid cheadaithe
- Pointí astaithe

C.3 Cead Pleanála agus Údarás Pleanála [Alt 10 (1) (t)]

Tabhair uimhir an cheada pleanála nó uimhir an iarratais pleanála (cibé acu is infheidhme tráth a gcuirtear an t-iarratas isteach) le haghaidh na saoráide, mar aon le hainm an údaráis pleanála a d'eisigh é. Má tá feidhm le teastas/dearbhú díolúine, cuir sin in iúl le do thoil agus soláthair cóip den teastas/dearbhú díolúine:

Uimhir an Cheada Pleanála:	
Uimhir an Iarratais Pleanála:	
Údarás Áitiúil:	
Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	

C.4 Uaireanta Seirbhíse

Cad iad na huaireanta seirbhíse atá beartaithe don saoráid?

Laethanta na seachtaine:	
Laethanta na seachtaine:	
Saoire Phoiblí	

C.5 Córas um Bainistiú Tráchtá [Alt 10 (1) (v)]

Tabhair sonraí le do thoil ar aon chóras um bainistiú tráchtá inmheánach atá beartaithe (ciúáil san áireamh)

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

C.6 Saolré na saoráide [Alt 10 (1) (r)]

Cad í saolré thuartha, i mblianta na soaráide nó na gníomhaíochta?

Saolré thuarthaL	
-------------------------	--

C.7 Dearbhú na gníomhaireachta ar chineál údaraithe [Alt 10 (1) (u) & Alt 11]

Ar dhearbhaigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cén cineál údaraithe atá ag teastáil ón gníomhaíocht atá beartaithe? Má dhearbhaigh, cuir cóip an údaraithe seo i gceangail.

Ciontaíodh

Níor ciontaíodh

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

Cuid D: Faoin nGníomhaíocht

D.1 Cur síos ar an ngníomhaíocht dramhaíola

Cuir síos ar nádúr na gníomhaíochta atá le dramhaíl atá molta le déanamh sa saoráid. [Alt 10 (1) (j)]. (Úsáid leathanach breise más gá)

D.2 An gá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) don ghníomhaíocht seo¹? Má gá, cuir cóip den EIS faoi iamh.

Ciontaíodh

Níor ciontaíodh

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

D.3 Aicme nó aicmí na gníomhaíochta dramhaíola [Alt 10 (1) (l)]

Tabhair aicme nó aicmí na gníomhaíochta a bheidh ar siúl ag an tsaoirid, de réir;

- (i) (i) Gníomhaíochtaí Diúscartha agus Aisghabhála de réir an tríú agus an ceathrú sceideal de na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2011 (féach **Aguisín 2**); **agus**

- (ii) (ii) Aicmí Gníomhaíochta atá faoi réir iarratas ar chead saoráide dramhaíola ó údarás áitiúil de réir Chuid 1 den tríú sceideal de na Rialacháin (féach **Aguisín 3) nó**
- (iii) (iii) Aicmí Gníomhaíochta atá faoi réir teastas clárúcháin leis an údarás áitiúil nó leis an nGníomhaireacht de réir Chuid II den tríú sceideal de na Rialacháin (féach Aguisín 4)

Sa chás go bhfuil dhá ghníomhaíocht nó níos mó ar bun ag an tsaoráid, cuir in iúl an phríomhghníomhaíocht de réir na Rialachán.

Úsáid leathanach breise más gá.

Gníomhaíochtaí Diúscartha agus Aisghabhála de réir an tríú agus an ceathrú sceideal de na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2011	
Cuir isteach Uimhir na hAicme:	Cuir isteach Cur Síos ar an Aicme
Gníomhaíochtaí aisghabhála de réir an ceathrú sceideal de na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2001	
Cuir isteach Uimhir na hAicme:	Cuir isteach Cur Síos ar an Aicme
Aicmí Gníomhaíochta atá faoi réir iarratas ar chead saoráide dramhaíola ó údarás áitiúil de réir Chuid 1 den tríú sceideal de na Rialacháin	
Cuir isteach Uimhir na hAicme:	Cuir isteach Cur Síos ar an Aicme
Aicmí Gníomhaíochta atá faoi réir teastas clárúcháin leis an údarás áitiúil nó leis an nGníomhaireacht de réir Chuid II den tríú sceideal de na Rialacháin	
Cuir isteach Uimhir na hAicme:	Cuir isteach Cur Síos ar an Aicme
Príomhghníomhaíocht:	
Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	

D.4 Toirt Dramhaíola [Alt 10 (1) (m)]

Sonraigh an méid bliantúil dramhaíola a lámhseálfar i ngach aicme. Tabhair mionsonraí ar na nithe seo a leanas, más bainteach:

- An tonnáiste saoil don aicme WFP 5&6 agus don aicme CoR 5&6.

- An méid dramhaíola iarmharáí don aicme WFP 7&10 agus don aicme CoR 7, 10
- Laethanta stórála don aicme CoR 1&10
- An méid ag aon am faoi leith don aicme WFP 8 agus don aicme CoR 11, 12 & 13

Aicme	Tairseach Íochtair de réir an 3ú Sceideal	Toirt Molta

Luaigh na haonaid a úsáidtear, is féidir tonnaí, méadair chiúbacha nó líon aonad ag brath ar an gcineál dramhaíola. Tagair don chuid atá i gceist Tábla 1 Fachtóir choinbhéartachta toirt go meáchan 1.3 Treoir ar an bhfoirm iarratais.

Tréchur na saoráide (le haonaid):	
--	--

Má ghlactar le dramhaíl agus toirt á cur san áireamh, nó má úsáidtear meastacháin, na fachtóir choinbhéartachta toirt go meáchan, cuir sin in iúl le do thoil ar leathanach eile.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

D.5 Cineálacha Dramhaíola [Alt 10 (1) (m) (i)]

Luaigh na cineálacha dramhaíola a láimhseálfar ag baint úsáide as na Cóid Eorpacha um Chatalógú Dramhaíola:

Cód EWC (6 Dhigit)	Méid/Aonaid

D.6 Talamh a fheabhsú nó a fhorbairt [Alt 10 (1) (x)]

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:

D.8 Taifead a dhéanamh ar chineálacha agus ar mhéideanna dramhaíola [Alt 10 (1) (m) (ii)]

Tabhair sonraí maidir leis an gcaoi a ndéanfar taifead cruinn ar na cineálacha agus ar na méideanna dramhaíola a nglacfar leo. Má tá aon fhachtóir meastacháin nó coinbhéartachta le cur i bhfeidhm, tabhair sonraí maidir leo sin le do thoil.

Méid Dramhaíola:	
-------------------------	--

D.9 Nósanna imeachta maidir le glacadh dramhaíola [Alt 10 (1) (ff)]

Cad iad na nósanna imeachta maidir le glacadh dramhaíola a chuirfear i bhfeidhm ag an saoráid? Áirigh sonraí maidir le cad a tharlóidh le dramhaíl nach bhfuil in oiriúint leis na critéir inghlacthachta (coraintín nó diúltú):

D.10 Astuithe ón Saoráid [Alt 10 (1) (o)]

An nginfidh an saoráid aon astuithe a scaipfear san aer (lean n-áirítear deannach agus boladh), a rachaidh isteach san uisce, a scaipfear ar an talamh nó sna séaraigh nó an nginfidh sí torann?

Ciontaíodh

Níor ciontaíodh

Má ghinfidh, sonraigh le do thoil an fhoinse, nádúr, comhdhéanamh, méid, leibhéal agus ráta na n-astuithe seo. Maígh cé acu an mbeidh na hastuithe leanúnach nó an mbeidh siad tréimhsiúil agus más tréimhsiúil a bheidh siad, tabhair sonraí le do thoil.

Más gá, úsáid leathanaigh bhreise, ag cinntiú go bhfuil uimhir agus lipéad ar gach leathanach.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:

D.14 Fódóireacht [Alt 10 (1) (p)]

Cad iad na bearta atá i bhfeidhm chun astuithe neamhúdaraíthe nó gan choinne a sheachaint ó na saoráidí agus an tionchar na n-astuithe seo ar an timpeallacht a laghdú, lena n-áirítear bearta éigeandála i gcás doirte mar shampla.

Más gá, úsáid leathanaigh bhreise, ag cinntiú go bhfuil uimhir agus lipéad ar gach leathanach.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:

Cur síos ar na bearta molta maidir le srianadh ar mhíolra (cuileoga, éanacha agus creimirí mar shampla) Alt 10 (1) (hh)].

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:

D.15 Slándáil na Saoráide [Alt 10 (1) (gg)]

Tabhair sonraí maidir le bearta slándála ar an láthair lena n-áirítear sonraí ar conas a chuirfear stop le diúscairt dramhaíola neamhúdaraíthe ag an saoráid.

Más gá, úsáid leathanaigh bhreise, ag cinntiú go bhfuil uimhir agus lipéad ar gach leathanach.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:

D.16 Bearta Eile

Tabhair sonraí ar bhearta fódóireachta nó oibíochtúla eile ar an láthair nach bhfuil tagairt déanta dóibh go dtí seo (timpistí agus éigeandáil, EMS/EMAS, tuairisciú chomhshaoil).

Más gá, úsáid leathanaigh bhreise, ag cinntiú go bhfuil uimhir agus lipéad ar gach leathanach.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:

D.17 Socruithe maidir le aisghabháil nó diúscairt dhramhaíola [Alt 10 (1) (bb)]

Cur síos ar aon shocruithe atá molta maidir le aisghabháil nó diúscairt dramhaíola lasmuigh den láthair. Má chun saoráide dramhaíola eile a rachaidh an dramhaíl seo, cuir ainm an láithreáin agus uimhir an cheada/an cheadúnais de chuid na láithreán a n-úsáidfear.

Dá n-easportálfá an dramhaíl seo, cuir na sonraí cuí ar fáil (bróicéir dramhaíola, socruithe molta maidir le TFS agus araile).

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

D.18 Fotháirgí Ainmhithe [Alt 10 (1) (w)]

An ndéanann an saoráid cóireáil ar fhotháirgí ainmhithe go bitheolaíochta de réir mar a shainmhínítear é sna Riachacháin (EC) 1774/2002 (arna leasú)?

Déanann

Ní dhéanann

Má dhéanann, tabhair sonraí maidir le aon iarratas a cuireadh faoi bhráid an Aire Talmhaíochta agus Bia le haghaidh údaraithe tréidliachta don saoráid.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

Cuid E: Suíomh na Saoráide.

E.1 Cóngarachacht do láithreáin Eorpacha sainithe [Alt 10 (1) (x)]

An lonnaítear an saoráid atá beartaithe i/in aice le/ag cur as d'aon láithreáin Eorpacha (láithreáin SAC, SPA nó Ramsar mar shampla)? An lonnaítear taobh istigh d'aon láithreáin sainithe eile (láithreáin NHA mar shampla)?

Ainmniú	Lonnaítear	Ní lonnaítear
Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC)		
Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SAC)		
Ramsar		
Limistéir Oidhreacht Nádurtha (NHA)		
Cúltacaí Nádurtha		
Tearmann d'Fhlóra nó d'Fhána		
Tearmainn Éanlaithe Fiáine		
Comhaontuithe Bainistíochta ²		

Má lonnaítear, tabhair sonraí na láithreán agus déan a suíomh maidir leis an gníomhaíocht a bhaineann leo a shainaithint ar léarscáil:

Láithreáin atá i gceist:	
Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	

E.2 Dobhcheantar [Alt 10 (1) (aa)]

An bhfuil an láthair lonnaithe díreach in aice le dobharcheantar³?

Déanann

Ní dhéanann

Má ciontaíodh, tabhair sonraí maidir leis na staidéir ar thuilte a rinneadh le cinntiú go lagdaítear go sásúil an riosca a bhaintear le rith srutha nó le héilliú.

²Cumasaíonn an tAcht um Fhiadhúlra, 1976 don Aire comhaontú bainistíochta deonach a dhéanamh le úinéirí talún príomháideacha. Déanfaidh úinéirí talún a gcuid talún a bhainistiú faoi na comhaontuithe seo le cinntiú go gcosnófar gnáthóg fhiadhúlra inmhianaithe. Braitheann líon agus cineál na gcomhaontuithe seo ar na hacmhainní atá ar fáil don Roinn ag aon am ar leith

³Tugann an tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 arna leasú, sainmhíniú ar "uiscí" leis an méid seo a leanas a áireamh:

(a) aon (nó aon chuid d'aon) abhainn, sruth, loch, canáil, taiscumar, uiscíoch, linn, sruthchúrsa nó uiscí intíre eile, bíodh siad nádúrtha nó saorga,

(b) aon uiscí taoide, agus

(c) mar a gceadaíonn an comhtéacs é, ao trá aon trá, bruach abhann agus riasc goirt nó aon limistéar eile atá tadhlach le haon ní dá luaitear i mír (a) nó (b), agus cainéal nó leaba aon ní dá luaitear i mír (a) atá tirim de thuras na huaire,

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

E.3 Úsáid na Talún

Tabhair sonraí ar na nithe seo a leanas:

Úsáid reatha na talún:	
Úsáid stairiúil na talún:	
Staid na talún (éilliú mar shampla):	
Úsáid na Talún atá in aice láimhe:	Taobh ó thuaidh:
	Taobh ó dheas:
	Taobh thoir:
	Taobh thiar:

E.4 Comhfhreagras leis an Aire/leis an tSeirbhís Páirceanna agus Fiadhúlra [Alt 10 (1) (z)]

Tabhair sonraí maidir le haon phléití nó comhfhreagras a rinneadh leis an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúla agus/nó leis an tSeirbhís Páirceanna agus Fiadhúlra.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

E.5 Bithéagsúlacht [Alt 10 (1) (y)]

Tabhair sonraí ar bhithéagsúlacht an tsuímh.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:	
--	--

Cuid F: Eolas Breise.

F.1 Eolas Breise.

Ba chóir eolas breise a mbraitheann an t-iarratasóir a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón údarás chun teacht ar a gcinneadh a áireamh leis seo chomh maith le haon eolas a aithnítear mar chuid den chomhairliúchán réamhiarratais.

Is féidir doiciméid thacaíochta a sholáthar.

Tagairt an Doiciméid/na nDoiciméad:

Cuid G: Dearbhú Reachtúil

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a tugadh san iarratas ag (Eintiteas Dílíthiúil)

_____ chun Cead Dramháiola a fháil ceart, agus nach fágadh aon eolas nach mór a áireamh san iarratas seo ar lár.

Déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

Údaraím Comhairle Chontae Shligigh chun aon fhiosrúchán ó fhoinsí oifigiúla a dhéanamh a mheasann sí bheith riachtanach chun críche an t-iarratas seo a mheas agus, de bhun alt 8 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, toilím le nochtadh sonraí maidir le ciontuithe i gcionta ábhartha arna sainiú faoi alt 10 de na Rialacháin um Bainistiú Dramháiola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007 arna leasú.

Síniú: _____

Ainm (bloclitreacha) _____

Dearbhaithe os mo chomhair ag _____ an _____ lá
seo de _____

_____, 20____. #

Le líonadh ag Aturnae / Coimisinéir Mionnaí / Nótaire Poiblí / Feidhmeannach Síochána / Garda Síochána.

Síniú an Fhinné _____

Slí Bheatha _____

Dáta _____

RABHADH: Beidh an duine a thugann eolas bréagach nó míthreorach chun cead dramháiola a fháil faoi dhliteanas i leith piónós dian.

AGUISÍNÍ

1. SEICLIOSTA - EOLAS LE SOLÁTHAR LEIS AN IARRATAS SEO

Eolas ag teastáil	Alt	Curtha san áireamh
Cóip den leathanach ábhartha ón nuachtán / ó na nuachtáin ina bhfuil fógraí de réir ailt 7 agus 8 foilsithe.	10(3)(a)	<input type="checkbox"/>
Ní mór cóip den téacs ar na fógraí a cuireadh in airde nó a crochadh de réir ailt 7 agus 8 a sholáthar freisin.	10(3)(b)	<input type="checkbox"/>
Sonraí d'aon éisteacht nó cás cúirte, an cineál ciona agus aon phionós nó ceanglas a ghearr an chúirt.	10(1)	<input type="checkbox"/>
Sa chás gur duine nó comhpháirtíocht é an t-iarratasóir, cuir san áireamh sonraí faoi aon chiontú den sórt sin sa chás go raibh an duine nó an comhpháirtí ina stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí cuideachta nó oifigeach den sórt céanna do chomhlacht corpraithe ag aon am taobh istigh de na 10 mbliana deireanacha roimh an iarratas seo.	10(1)	<input type="checkbox"/>
Plean de shuíomh an láithreáin, agus teorainneacha an láithreáin marcáilte go soiléir i ndath dearg, agus pointe an Tuaiscirt léirithe. Uimhir/uimhreacha bileoige tagartha Suirbhéireachta Ordanáis. Ní mór airde an láithreáin a chur san áireamh agus tagairt á déanamh don sonra ordanáis atá in úsáid	10(3)(c)	<input type="checkbox"/>
Ní mór leagan amach molta an láithreáin a chur san áireamh. Ní mór pointe an Tuaiscirt a léiriú agus toisí an láithreáin a bheith ina méadair. Ba chóir go mbeadh gach pointe riachtanach monatóireachta agus samplála sa phlean agus ba chóir go mbeadh aon phointe/phointí astaithe marcáilte go soiléir. Ba chóir go mbeadh eochair ann atá éasca a léamh le go mbeifear in ann na pointí ábhartha a shainaithint. Ní mór uimhir/uimhreacha bileoige tagartha Suirbhéireachta Ordanáis a chur san áireamh. Ní mór freisin airde an láithreáin a chur san áireamh agus tagairt á déanamh don sonra ordanáis atá in úsáid. Ní féidir aon léarscáil/líniócht/phlean a bheith níos mó ná méid A3 agus caithfidh siad bheith tarraingthe de réir scála cuí sa chaoi is go mbeidh sé éasca iad a léamh. I gcásanna eisceachtúla ina meastar nach bhfuil A3 sásúil, d'fhéadfaí méid níos mó a iarraidh.	10(3)(c) (ii) agus (iii)	<input type="checkbox"/>
Cóip bhreise den phlean de shuíomh an láithreáin agus teorainn an láithreáin marcáilte i ndath dearg air agus suíomhanna an fhógra a cuireadh in airde nó a crochadh de réir alt 8 marcáilte go soiléir air.	10(3)(c) & (i)	<input type="checkbox"/>
Cóip den deimhniú imréitigh cánach / deimhniú C2 arna eisiúint chuig an iarratasóir / na hiarratasóirí ag na Coimisinéirí Ioncaim, nó teastas cuí ón údarás cánach ábhartha i gcás iarratasóirí nach bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn.	10(3)(d)	<input type="checkbox"/>
Ní mór cóip de chruthúnas de chlárúchán an chomhlachta agus an ainm trádala a chur ar fáil, más infheidhme.	10(3)(e)	<input type="checkbox"/>
An táille iarratais cheart de réir ailt 42 agus mar a shonraítear i gcúigiú sceideal na Rialachán.	10(3)(f)	<input type="checkbox"/>

2. GNÍOMHAÍOCHTAÍ DIÚSCARTHA AGUS AISGHABHÁLA DE RÉIR AN TRÍÚ AGUS AN CEATHRÚ SCEIDEAL DE NA HACHTANNA UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA 1996-2011

TRÍÚ SCEIDEAL Próisis Diúscartha

Cuid 4 (1)

- D 1 Sil-leagan isteach nó ar thalamh (líonta talún mar shampla).
- D 2 Cóireáil talún (bithmhilleadh fuíll leachtaigh nó de chineál sluda in ithreacha agus araile)
- D 3 Instealladh domhain (instealladh fuíll gur féidir a phumpáil isteach i dtuibreacha, cruinneacháin salainn nó stórtha nádúrtha agus araile.)
- D 4 Gaibhniú dromchla (leacht nó fuíoll de chineál sluda a chur i gclaiseanna, linnte nó murlaigh agus araile.)
- D 5 Líonadh talún a ndearnadh innealtóireacht ar leith air (dramhaíl a chur isteach i gcealla línithe scoite agus a gcuirtear caipíní orthu agus a scoitear óna chéile agus ón timpeallacht agus araile.
- D 6 Scoileadh isteach i ndobharlach seachas muir nó aigéan
- D 7 Scaoileadh isteach sna mara / aigéin – ionsá isteach i ngrinneall na farraige
- D 8 Cóireáil bhithiúlachta nach sonraítear in aon áit eile sa Sceideal seo a fhágann comhdhúil deiridh nó meascáin a chaitear amach le linn na bpróiseas go léir ó D 1 go D 12 (galú, triomú, cailcíníú agus araile)
- D 9 Cóireáil fhísiceaimiceach nach sonraítear in aon áit eile sa Sceideal seo a fhágann comhdhúil deiridh nó meascáin a chaitear amach le linn na bpróiseas go léir ó D 1 go D 12 (galú, triomú, cailcíníú agus araile)
- D 10 Loscadh ar thalamh
- D 11 Loscadh ar muir (Cuirtearcosc ar an ngníomhaíocht seo de réir reachtaíocht an AE agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta)
- D 12 Buanstóráil (fágáil coimeádán i mianach agus araile)
- D 13 Cóimheascadh nó meascadh sula gcuirfear isteach ar aon cheann de na próisis ó D1 go dtí D12 (mura bhfuil aon chód D cuí, is féidir na réamhchéimeanna a áireamh roimh dhiúscairt lena n-áirítear réamhphróiseáil amhail sortáil agus mionbhrú, millíniú, triomú, stialladh, riochtú nó scaradh sula gcuirfear isteach ar aon cheann de na próisis thuasluaite ó D1 go dtí D12)
- D 14 Athphacáistiú sula gcuirfear isteach ar aon cheann de na próisis ó D1 go D 13

D 15 Stóráil ag fanacht ar aon cheann de na próisis uimhir D1 go D14 (seachas stóráil sealadach (stóráil sealadach de réir an sainmhínithe 'bailiúchán' i gcuid 5(1), go dtí go mbaileofar é, ar an láthair áit a ngintear an dramháil.

CEATHRÚ SCEIDEAL

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AISGHABHÁLA

Cuid 4(1)

R 1 Úsáid mar bhreosla nó mar mhodh eile chun leictreachas a ghiniúint: Áirítear leis seo saoráidí loiscthe le haghaidh próiseáil dramháil chathrach sholadach nuair atá a n-éifeachtúlacht fuinnimh cothrom le nó níos mó ná:

- 0.60 le haghaidh fearais atá i bhfeidhm a cheadaítear de réir altanna infheidhme na gComhphobal roimh 1 Eanáir 2009,

-0.65 haghaidh fearais a cheadaíodh tar éis 31 Nollaig 2008,

ag baint úsáide as an bhfoirmle seo a leanas, curtha i bhfeidhm de réir na an doiciméid thagartha ar Na Teicnící is Fearr atá ann le haghaidh Loscadh Dramháila:

Éifeachtúlacht fuinnimh = $(E_p - (E_f + E_i)) / (0.97 \times (E_w + E_f))$

nuair –

a chiallaíonn 'E_p' an fuinneamh bliantúil a ghintear mar theas nó leictreachas agus ríomhtar é le fuinneamh i bhfoirm leictreachais a ionraítear faoi 2.6 agus an teas a ghintear d'úsáid thráchtála iolraithe faoi 1.1 (GJ/bliain),

Ciallaíonn 'E_f' an t-ionchur bliantúil fuinnimh sa chóras ó bhreoslaí a chuireann le ginniúint ghaile (GJ/bliain),

Ciallaíonn 'E_w' an fuinneamh bliantúil atá sa dramháil chóireáilte ag baint úsáide as glanluach calrach na dramháila (GJ/bliain),

Ciallaíonn 'E_i' an fuinneamh bliantúil a iompórtáiltear gan E_w agus B_f(GJ/bliain) a áireamh,

Is factóir é '0.97' ag cur cailleanais fuinnimh san áireamh de bharr bunluatha agus scaipthe

R 2 Aisghabháil thuaslagach/aisghiniúint

R 3 Athchursáil/aisghabháil na substaintí orgánacha nach úsáidtear mar thuaslagóirí (lena n-áirítear múiríniú agus próisis chlaochlaithe bhitheolaíochta eile), gasú agus pirealú ag úsáid na gcomhábhar mar cheimiceáin

R 4 Athchursáil/aisghabháil miotal agus comhábhar miotal

- R 5 Athchursáil/aisghabháil ábhar neamhorgánacha eile lena n-áirítear glanadh ithreach a bhfuil athshaothrú ithreach agus athchursáil na miotal neamhorgánach togála mar thoradh air
- R 6 Athghiniúint aigéad nó bonn
- R 7 Aisghabháil comhábhar a úsáidtear le truailliú a laghdú
- R 8 Aisghabháil comhábhar ó chatalaigh
- R 9 Scagadh ola nó athúsáidí eile ola
- R 10 Cóireáil talún a bhfuil leas tamhaíochta nó feabhas éiceolaíochta mar thoradh uirthi
- R 11 Úsáid na dramhaíola a fuarthas ó aon cheann de na próisis ó R 1 go dtí R 10
- R 12 Malartú dramhaíola sula gcuirfeadh isteach ar aon cheann de na próisis ó R 1 go dtí R 11 (mura bhfuil aon chód D cuí, is féidir na próisis réamhchéimeanna a áireamh roimh dhiúscairt lena n-áirítear réamhphróiseáil amháil sortáil agus mionbhrú, millíniú, triomú, stialladh, riochtú, athphacáistiú, cóimheascadh, meascadh nó scaradh sula gcuirfeadh isteach ar aon cheann de na próisis thuasluaite ó R 1 go dtí R 11)
- R 13 Stóráil ag fanacht ar aon cheann de na próisis uimhir R 1 go R 12 (seachas stóráil sealadach (stóráil sealadach de réir an sainmhínithe 'bailiúchán' i gcuid 5(1), go dtí go mbaileofar é, ar an láthair áit a ngintear an dramháil.

3. AN TRÍÚ SCEIDEAL CUID 1 AGUS CUID 11

Sliocht as na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas agus Clárú Saoráide), 2007 arna leasú

AN TRÍÚ SCEIDEAL CUID I

AICMÍ GNÍOMHAÍOCHTA FAOI RÉIR IARRATAIS CHUIG ÚDARÁS ÁITIÚIL AR CHEADÚNAS SAORÁIDE DRAMHAÍOLA

Airteagal 6

Aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheith á sheoladh ag duine (seachas údarás áitiúil) ag saoráid (seachas saoráid suite go hiomlán nó go páirteach i limistéar nach bhfuil laistigh de limistéar feidhme údaráis áitiúil), ar choinníoll -

- (a) nach ionann an gníomhaíocht agus gníomhaíocht atá á seoladh i saoráid, nó in aice saoráide, a bhfuil gníomhaíocht incheadúnaithe ar siúl inti, agus
- (b) i gcás Aicme 5 agus Aicme 6 bainfidh na teorainneacha uachtair maidir leis an méid dramhaíola, ar féidir glacadh léi, leis
 - (i) an méid iomlán dramhaíola atá faighte agus a bhfuil sé beartaithe glacadh léi ag an tsaoráid ag am ar bith, nó
 - (ii) i gcás gníomhaíochta atá á seoladh i saoráid, nó in aice le saoráid, a bhfuil gníomhaíocht a bhaineann le dramhaíl á seoladh inti agus atá faoi réir ceadúnais saoráide dramhaíola nó deimhniú clárúcháin, an méid iomlán dramhaíola atá faighte ag an tsaoráid féin agus ag gach saoráid den sórt sin ag am ar bith.

AICME UIMH.	CUR SÍOS
1.	<p>Ghlacadh agus stóráil shealadach, ag feitheamh ar a bhailiú, seachas ag údarás áitiúil, i gcás nach bhfuil rialaithe ar shlí eile ag ceadúnas dramhaíola nó deimhniú clárúcháin, nó díolmhaithe de réir fhorálacha alt 39 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE)) 2005 -</p> <p>(1) dramhaíl ghuaiseach tí (seachas WEEE agus dramhaíl ina bhfuil mearcair nó cadhnaí agus taisc-cheallraí úsáidte) ag saoráid áiseanna cathartha, ionad athchúrsála nó pointe bailithe lárnach nuair nach nglacfar le níos mó in aghaidh na bliana ná -</p> <ul style="list-style-type: none">(i) 100,000 lítear i gcás dramhaíola leachtaí,(ii) 100 tonna i gcás dramhaíola neamh-leachtaí. <p>(2) WEEE in aon áitreabh d'fhonn é a iompair ar aghaidh agus a thabhairt lena aisghabháil ag saoráid údaraithe.</p>
2.	<p>Glacadh, stóráil (lena n-áirítear stóráil shealadach) agus aisghabháil feithiclí dramhaíola (seachas feithiclí ag deireadh a ré) ag féachaint d'fhorálacha Airteagail 14 agus Airteagail 15 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí ag deireadh a ré) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006).</p>
3.	<p>Glacadh, cóireáil agus aisghabháil WEEE (lena n-áirítear asbhaint gach leachta agus gach substaint WEEE, gach ullmhóid agus gach comhpháirt a bhaint ó chéile, a dhíchóimeáil nó a thabhairt ar siúl roimh chóireáil) i gcomhréir le forálacha Ailt 20 agus Ailt 21 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) (I.R. Uimh. 340 de 2005). Ní ghlacfar isteach níos mó ná 10,000 tonna in aghaidh na bliana.</p>

4.	<p>Beidh glacadh, stóráil agus aisghabháil dramh-mhiotail, lena n-áirítear dramh-mhiotal ó fheithiclí ag deireadh a ré, feithiclí dramhaíola (seachas feithiclí ag deireadh a ré) agus WEEE nuair i gcás dramh-mhiotail -</p> <p>(1) ó fheithiclí ag deireadh a ré go ndéanfar cóireáil agus aisghabháil chuí air i gcomhréir le forálacha alt 14 agus alt 15 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola 2006 (Feithiclí ag Deireadh a Ré) (I.R. Uimh. 282 de 2006) sula nglacfar leis ag an tsaoráid dramh-mhiotail, agus de réir mar is iomchuí,</p> <p>(2) ó fheithiclí dramhaíola (seachas feithiclí ag deireadh a ré) go ndéanfar cóireáil chuí agus aisghabháil air ag féachaint d'fhorálacha alt 14 agus alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí ag Deireadh a Ré) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006) sula nglacfar leis ag an tsaoráid dramh-mhiotail, agus de réir mar is iomchuí,</p> <p>(3) ó WEEE go ndéanfar cóireáil chuí agus aisghabháil air de réir fhorálacha alt 20, alt 21 agus alt 22 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) 2005 (I.R. Uimh. 340 de 2005) sula nglacfar leis ag an tsaoráid dramh-mhiotail.</p>
5.	<p>Aisghabháil carta de thoradh tochailte nó dreideála, ina bhfuil na hábhair nádúrtha cré, siolta, gaineamh, gairbhéal nó cloch a thagann faoi chuimsiú dramhaíola táimhe, trína leagadh síos chun an talamh a fheabhsú nó a fhorbairt, nuair nach mó ná 100,000 tona méid iomlán na dramhaíola aisghafa ag an tsaoráid.</p>
6.	<p>Aisghabháil dramhaíola táimhe (seachas tochailtí nó ábhair dhreideála ina bhfuil na hábhair nádúrtha cré, siolta, gaineamh, gairbhéal nó cloch) trína leagadh síos chun an talamh a fheabhsú nó a fhorbairt, nuair nach mó ná 50,000 tona méid iomlán na dramhaíola aisghafa ag an tsaoráid.</p>
7.	<p>Aisghabháil dramhaíola táimhe a eascraíonn ó ghníomhaíocht tógála agus scartála, lena n-áirítear coinchréit, brící, tíleanna, nó ábhar eile den sórt sin, ag saoráid (gan feabhsú ná forbairt talún a chur san áireamh) i gcás -</p> <p>(a) nach nglacfar isteach níos mó ná 50,000 tonna in aghaidh na bliana, agus</p> <p>(b) nach sáróidh uasmhéid na dramhaíola iarmharaí a sheolfar ón tsaoráil lena bailiú, lena hiompar ar aghaidh agus lena tabhairt le diúscairt ag saoráid údaraithe níos mó ná 15% den iontógáil bhliantúil.</p>
8.	<p>Glacadh, stóráil agus cóireáil bhitheolaíoch bithdramhaíola ag saoráid nuair -</p> <p>(a) nach mbeidh níos mó ná 6,000 méadar ciúbach de mhúirín agus de bhithdramhaíl ag an tsaoráid ag am ar bith, agus</p> <p>(b) nach nglacfar le níos mó ná 10,000 tonna in aghaidh na bliana.</p>
9.	<p>Glacadh, stóráil shealadach agus aisghabháil cadhnaí agus taisc-chadhnaí úsáidte nuair -</p> <p>(a) ó 26 Meán Fómhair 2008 i leith, nuair a bhíonn cadhnaí agus taisc-chadhnaí úsáidte á n-athchúrsáil ní mór ceanglais alt 12 de Threoir 2006/66 / CE maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí úsáidte agus dramhchadhnaí agus dramh-taisc-chadhnaí a chomhlíonadh, agus</p> <p>(b) nach nglacfar isteach níos mó ná 1,000 tonna in aghaidh na bliana.</p>
10.	<p>Aisghabháil dramhaíola (nach luaitear in áit eile sa chuid seo den tríú sceideal), seachas dramhaíl ghuaiseach nó gníomhaíocht i gcás ina bhfuil ceanglas sceidealta ceadúnas IPPC nó ceadúnas dramhaíola a shealbhu, nuair -</p> <p>(a) nach dtógfar isteach níos mó ná 50,000 tonna in aghaidh na bliana, agus</p> <p>(b) nach sáróidh uasmhéid na dramhaíola iarmharaí a sheolfar ón tsaoráil lena bailiú, lena hiompar ar aghaidh agus lena tabhairt le diúscairt ag saoráid</p>

	údaráithe níos mó ná 15% den iontógáil bhliantúil.
11.	Glacadh, stóráil, agus aistriú dramhaíola (seachas dramhaíola guaisí) lena diúscairt ag saoráid (seachas saoráid líonta talún) i gcás nach mó ná 7,500 tonna an iontógáil bhliantúil.
12.	Bailiú agus stóráil (lena n-áirítear stóráil shealadach) agus cóireáil agus aisghabháil ar bhealach cuí feithiclí ag deireadh a ré i gcomhréir le forálacha alt 14 agus alt 15 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí ag Deireadh a Ré) 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006)

Tabhair faoi deara: Nuair a bhaineann na gníomhaíochtaí maidir le dramhaíl atá ar siúl ag saoráid le roinnt aicmí faoi mar atá leagtha amach i gCuid I den tríú sceideal, glactar leis gurb é atá i gceist leis an méid dramhaíola ná an méid iomlán dramhaíola a ghlactar léi ag an tsaoráid ag cur san áireamh an t-ionchur a bhaineann le gach aicme ghníomhaíochta i bhfianaise thairseach na príomhaicme.

AN TRÍÚ SCEIDEAL

CUID II

AICMÍ GNÍOMHAÍOCHTA NACH MÓR A CHLÁRÚ LE hÚDARÁS ÁITIÚIL NÓ LEIS AN nGNÍOMHAIREACTH

Airteagal 6

Aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas atá ar siúl ag duine ag saoráid, ar choinníoll -

- (1) nach gníomhaíocht í an ghníomhaíocht sin atá ar siúl i saoráid, nó in aice le saoráid ina bhfuil gníomhaíocht incheadúnaithe ar siúl inti, agus
- (2) I gcásanna d'Aicme 5 agus d'Aicme 6, is leo seo a leanas a bhainfidh na teorainneacha uachtair maidir le méid na dramhaíola ar féidir glacadh léi -
 - (a) an méid iomlán dramhaíola atá faighte agus a bhfuil sé beartaithe glacadh léi ag an tsaoaráid ag am ar bith, nó
 - (b) i gcás gníomhaíochta atá á seoladh i saoráid, nó in aice le saoráid, a bhfuil gníomhaíocht a bhaineann le dramhaíl á seoladh inti agus atá faoi réir ceadúnais saoráide dramhaíola nó deimhniú clárúcháin, an méid iomlán dramhaíola atá faighte ag an tsaoaráid féin agus ag gach saoráid den sórt sin ag am ar bith.

AICME UIMH.	CUR SÍOS
1.	<p>Stóráil dramhaíola guaisí tí (seachas WEEE) go dtí go mbaileofar í ag saoráid áiseanna cathartha, ionad athchúrsála nó pointe bailithe lárnach, i gcás nach bhfuil sé á rialú ar shlí eile ag ceadúnas dramhaíola nó cead saoráide dramhaíola lena hiompair ar aghaidh agus a thabhairt lena haisghabháil ag saoráid údaraithe más rud é -</p> <p>(a) ní ghlacfar isteach in aghaidh na bliana níos mó ná -</p> <p style="padding-left: 20px;">(i) 25,000 lítear i gcás dramhaíola leachtaí,</p> <p style="padding-left: 20px;">(ii) 25 tonna i gcás dramhaíola neamh-leachtaí, agus</p> <p>(b) nach mairfidh an tréimhse stórála dramhaíola níos faide ná 30 lá.</p>
2.	<p>Dramhaíl (seachas WEEE) a fhágann an pobal ag pointe bailithe lárnach (lena n-áirítear pointe bailithe lárnach sealadach) a ghlacadh agus a stóráil go sealadach nuair a dhéanann an t-údarás áitiúil an obair, nó nuair a dhéantar í thar a cheann nó le cead an údaráis agus nuair nach mó na 1,000 tonna méid na dramhaíola atá á stóráil ag am ar bith.</p>
3.	<p>Ghlacadh agus a stóráil eatramhach feithiclí a bhí i dtuairteanna nó a bhfuil baic ghluaiseachta curtha orthu, seachas feithiclí ag deireadh a ré, ag fanacht go ndéanfaidh úinéirí cláráithe na bhfeithiclí, nó de réir mar is iomchuí, duine údaraithe de chuid údaráis áitiúil, nó comhalta den Gharda Síochána cinneadh cibé an bhfuil na feithiclí le haicmiú mar fheithiclí ag deireadh a ré nó nach bhfuil. Ní bheidh níos mó ná 6 fheithicil stóráilte in aon áit amháin ag am ar bith.</p>

4.	<p>Glacadh agus stóráil shealadach, ar feadh tréimhse nach faide ná 30 lá, ag fanacht go mbaileofar lena n-aisghabháil -</p> <p>(a) níos lú ná 1000 cileagram de chadhnraí agus taisc-chadhnraí úsáidte eile seachas dramhaíl a shonraítear i mír (b), nó</p> <p>(b) níos lú ná 10 dtonna de chadhnraí agus de thaisc-chadhnraí úsáidte gluasteán nó de chadhnraí agus thaisc-chadhnraí úsáidte tionsclaíocha, nó</p> <p>(c) níos lú ná 1 tona de threalamh ina bhfuil clórafluoracarbóin atá caite i dtraipisí (seachas WEEE), nó</p> <p>(d) níos lú ná</p> <p>(i) 540 méadar ciúbach de WEEE tí, seachas dramhaíl a shonraítear i bhfomhíreanna (ii) agus (iii),</p> <p>(ii) 12,000 aonad de chatagóirí WEEE de réir Chatagóir 5 den chéad sceideal de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) 2005 (I.R. Uimh. 340 de 2005), nó, de réir mar is cuí</p> <p>(iii) 300 cileagram d'fhóin póca,</p> <p>d'fhonn iad a iompair ar aghaidh chuig saoráid chóireála údaraithe WEEE nuair a dhéantar é sin i gcomhréir le ceanglais alt 39 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) 2005.</p>
5.	<p>Aisghabháil carta de thoradh tochailte nó dreideála, ina bhfuil na hábhair nádúrtha cré, siolta, gaineamh, gairbhéal nó cloch a thagann faoi chuimsiú dramhaíola táimhe, trína leagadh síos chun an talamh a fheabhsú nó a fhorbairt, nuair nach mó ná 25,000 tona méid iomlán na dramhaíola a aisghabhfar ar an láthair.</p>
6.	<p>Aisghabháil dramhaíola táimhe (seachas tochailtí nó ábhair dhreideála ina bhfuil na hábhair nádúrtha cré, siolta, gaineamh, gairbhéal nó cloch) chun an talamh a fheabhsú nó a fhorbairt, nuair nach mó ná 10,000 tona méid iomlán na dramhaíola a aisghabhfar ar an láthair.</p>
7.	<p>Aisghabháil dramhaíola táimhe a eascraíonn ó ghníomhaíocht tógála agus scartála, lena n-áirítear coinchréit, brící, tileanna, nó ábhar eile den sórt sin, ag saoráid (gan feabhsú ná forbairt talún a chur san áireamh) i gcás -</p> <p>(a) nach nglacfar le níos mó ná 10,000 tonna in aghaidh na bliana, agus</p> <p>(b) maidir le méid iomlán na dramhaíola iarmharáí a thabharfar lena diúscairt gach bliain nach gcoinsígneofar níos mó ná 15% di ón tsaoráid lena diúscairt ag saoráid údaraithe.</p>
8	<p>Aicme spártha í seo.</p>
9	<p>Dramhábhhar a eascraíonn as cairéalú nó as tochailt a stóráil san ionad as ar baineadh é, ar feadh fad éiginnte ama ag fanacht le féachaint an bhféadfar é a úsáid le haghaidh athchóiriú an tsuímh sa chás -</p> <p>(a) nár forchuireadh coinníollacha maidir le bainistiú dramhaíola ina leith faoi alt 261 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Uimh. 30 de 2000), agus</p> <p>(b) nach bhfuil aon athrú ceimiceach tagtha ar a leithéid d'ábhar.</p>
10.	<p>Glacadh, stórála agus aistriú dramhaíola ag údarás áitiúil, nach luaitear in áit eile sa sceideal seo, i gcás nach dtógtar isteach níos mó ná 10,000 tonna in aghaidh na bliana, agus -</p> <p>(a) nach seolfar ar aghaidh níos mó ná 1,500 tonna dramhaíola ón tsaoráid in aghaidh na bliana lena hiompar agus lena diúscairt, agus</p>

	(b) nach stórálfar dramhaíl atá le diúscairt ar feadh níos mó ná 30 lá.
11.	<p>Glacadh, stóráil agus múiríniú bithdhramhaíola ag údarás áitiúil, nach luaitear in áit eile sa sceideal seo, sa chás -</p> <p>(a) nach nglacfar isteach níos mó ná 5,000 tonna in aghaidh na bliana, agus</p> <p>(b) nach mbeidh níos mó ná 2,000 tonna de mhúirín agus de bhithdhramhaíl ag an tsaoráid ag am ar bith.</p>
12.	<p>Bithdhramhaíl a stóráil agus a mhúiríniú san áitreabh ina dtáirgtear í, sa chás -</p> <p>(a) nach stórálfar agus nach gcóireálfar nach mó ná 50 tona in aghaidh na bliana, agus</p> <p>(b) nach mbeidh níos mó ná 20 tonna bithdhramhaíola agus múirín ag an tsaoráid ag am ar bith.</p>
13	Aisghabháil dramhaíola orgánaí, seachas aoileach agus sloda nuair a úsáidtear iad sa talmhaíocht ar mhaithe le talmhaíocht nó le feabhsú éiceolaíochta, i gcás nach n-aisghabhfar níos mó ná 1,000 tonna de dhramhaíl orgánach ag an tsaoráid in aghaidh na bliana.
14.	<p>Ghlacadh agus a stóráil go sealadach -</p> <p>(a) dramhgháis cuisneáin i gcoimeádáin chuisneáin a seoladh ar ais nó a aisghabhadh, nó</p> <p>(b) dramh-halóin i gcoimeádáin halóin a seoladh ar ais nó a aisghabhadh, nó</p> <p>(c) dramhgháis cheaptha teasa fhlúairínithe i gcoimeádáin gháis cheaptha teasa fhlúairínithe a seoladh ar ais nó a aisghabhadh</p> <p>ag feitheamh lena mbailiú nó a n-iompar ar aghaidh sula dtabharfar iad lena n-athchúrsáil, a mínghlánadh nó a ndíothú de réir na gceanglas reachtach ábhartha maidir le cineál sonrath gáis cuisneáin, halón nó gáis cheaptha teasa fhlúairínithe, i gcás ina bhfuil brí sannta d'aisghabháil dó faoi Rialachán (CE) Uimh. 2037/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 842/2006, agus i gcás nach mbeidh níos mó ná 18 dtonna á stóráil in áitreabh ag am ar bith.</p>

Tabhair faoi deara: Nuair a bhaineann na gníomhaíochtaí maidir le dramhaíl atá ar siúl ag saoráid le roinnt aicmí faoi mar atá leagtha amach i gCuid II den tríú sceideal, glactar leis gurb é atá i gceist leis an méid dramhaíola ná an méid iomlán dramhaíola a ghlactar léi ag an tsaoráid ag cur san áireamh an t-ionchur a bhaineann le gach aicme ghníomhaíochta i bhfianaise thairseach na príomhaicme.

4.

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

CUID I

RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ CLÁRAITHE

Airteagal 32

- (1) Léireoidh sealbhóir Clárúcháin san iarratas ar Theastas clárúcháin an chaoi a bhfuil sé i gceist sonraí Rialacha an sceidil seo a chomhlíonadh ar gach slí, mura socrófar a mhalairt i scríbhinn leis an údarás áitiúil nó, de réir mar a bheidh, leis an nGníomhaireacht.
- (2) Ní bheidh sé de thoradh ag aon astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí aisghabhála nó diúscairthe lena mbaineann (lena n-áirítear stóráil agus stóráil shealadach) go sárófar aon chaighdeán iomchuí, lena n-áirítear aon chaighdeán ar mheán comhshaoil, nó aon luach teorann astaíochta iomchuí, forordaithe faoi aon achtachán.
- (3) Déanfaidh sealbhóir an chlárúcháin deimhin de go ndéanfar gach aisghabháil agus diúscairt dramhaíola (lena n-áirítear stóráil agus stóráil shealadach) ar bhealach nach gcuireann sláinte an duine i mbaol.
- (4) Ní ghlacfaidh sealbhóir clárúcháin le dramhaíl ag an suíomh ach amháin idir na huaireanta 0800 agus 1800 ó Luan go hAoine, agus idir uaireanta 0800 agus 1400 ar an Satharn mura bhfuil a mhalairt faoia i scríbhinn ag an údarás áitiúil iomchuí nó, de réir mar a bheidh, ag an nGníomhaireacht.
- (5) Cuirfidh sealbhóir an chlárúcháin nósanna imeachta cú i bhfeidhm maidir le glacadh le dramhaíl ag an tsaoráid, lena n-áirítear
 - (i) nósanna imeachta um chigireacht dramhaíola,
 - (ii) nósanna imeachta maidir le dramhaíl a ghlacadh agus a láimhseáil,
 - (iii) tréithriú dramhaíola agus nósanna imeachta um choraintín dramhaíola,
 - (iv) nósanna imeachta agus socruithe iomchuí eile a bhaineann le glacadh le dramhaíl, agus
 - (v) bearta lena áirithiú go gcomhlíonfar alt 6 de na Rialacháin seo.
- (6) Cuirfidh sealbhóir an chlárúcháin nósanna imeachta cú i bhfeidhm maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí stórála, aisghabhála nó diúscairthe.
- (7) Déanfaidh sealbhóir an chlárúcháin deimhin de i gcás na dramhaíola go léir a ghlactar ag an tsaoráid gur bailíodh is gur iompraíodh í de réir Alt 34 den Acht agus de réir na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe), 2007.
- (8) Glacfaidh sealbhóir an chlárúcháin na bearta uile is gá a bhaineann le cosc a chur ar ghníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdairithe agus maidir le bunú rialuithe maidir le dul isteach sa tsaoráid, lena n-áirítear diúltú don dramhaíl go léir a thugtar go dtí an tsaoráid mura mbíonn an t-údarú riachtanach ag an bhfeithicil chun bailiú agus iompar dramhaíola a cheadú de réir Alt 34 den Acht agus de réir na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe), 2006.
- (9) Déanfaidh sealbhóir an chlárúcháin measúnú agus dhoiciméadú ar an mbaol truaillithe comhshaoil, agus coinneoidh sé é ag féachaint do na cineálacha dramhaíola a bheidh le glacadh agus nádúr na gníomhaíochta atá ar bun ag an tsaoráid.
- (10) Cuirfidh sealbhóir an chlárúcháin bearta coiscitheacha i gcrích lena chinntiú go gcuirfean an ghníomhaíocht i bhfeidhm ar bhealach nach mbeidh aon drochthioncar aici ar dhraenáil tailte, sruthchúrsaí, toibreacha éadoimhne, toibreacha tollta, ionraonta amhuisce nó foinsí eile soláthair uisce, bóithre nó cosáin idir phoiblí agus phríobháideach.
- (11) I gcás gníomhaíocht lena mbaineann dramhaíl a stóráil nó a stóráil go sealadach, cuirfidh sealbhóir an chlárúcháin na bearta is gá i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar na hábhair

dramhaíola a stóráil ar bhealach sábháilte, lena n-áirítear socruithe coimeádta agus suíomhanna stórála atá deartha mar is cuí.

- (12) Déanfaidh sealbhóir an chlárúcháin, na bearta go léir is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfar na dualgais dhlíthiúla ar fad a bhaineann leis an ngníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí ar fad ag an tsaoráid a sheoladh.
- (13) Déanfaidh sealbhóir an chlárúcháin bearta coisctheacha chun a chinntiú nach dtarlóidh aon torann míréasúnach, deannach, grean ná núiseanna eile de bharr na gníomhaíochta, a mbeadh sé mar thoradh orthu go gcuirfí isteach go mór ar thaitneamhachtaí na timpeallachta lasmuigh de theorainn an tsuímh nó go ndéanfaí dochar dóibh.
- (14) Déanfaidh sealbhóir an chlárúcháin, má iarann an Ghníomhaireacht nó an t-údarás áitiúil iomchuí air nó uirthi, tuarascálacha mionsonraithe scríofa a sholáthar maidir le himscrúduithe agus faireachán ar na gníomhaíochtaí agus ar na nithe coimhdeacha gaolmhara.
- (15) Coinneoidh sealbhóir an chlárúcháin clár maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann an deimhniú clárúcháin, ar clár é a bheidh ar fáil lena scrúdú ag an údarás áitiúil agus ina mbeidh na sonraí seo a leanas:
 - (a) dáta, am sroichte agus cainníochtaí gach coinsíneachta dramhaíola (de réir an chóid/na gcód agus na tuairisce sa Chatalóg Eorpach Dramhaíola de bhun Chinneadh 2001/118/CE ón gCoimisiún an 16 Eanáir, 2001 nó leasuithe ina ndiaidh sin) a sheachadtar chuig an tsaoráid,
 - (b) ainmneacha na n-iompróirí, lena n-áirítear sonraí faoi uimhreacha clárúcháin na bhfeithiclí agus uimhreacha na gceadanna bailithe dramhaíola,
 - (c) áit tionscnaimh na dramhaíola a sheachadtar,
 - (d) cainníochtaí agus comhdhéanamh na n-ábhar dramhaíola a ndiúltaítear dóibh sa tsaoráid, agus
 - (e) cainníochtaí, comhdhéanamh agus ceann scríbe na dramhaíola atá coinsínithe lena hiompar ar aghaidh ón tsaoráid.
- (16) Déanfaidh sealbhóir an chlárúcháin taifid a thiomsú agus a choimeád i bhformáid a aontófar leis an údarás áitiúil nó, de réir mar a bheidh, leis an nGníomhaireacht, i leith sonraí na faisnéise a chomhroinntear a bheidh sa chlár arna bhunú de réir Riall (15), ar feadh tréimhse nach lú ná 7 mbliana.
- (17) Cuirfidh sealbhóir an chlárúcháin an t-údarás áitiúil iomchuí, nó de réir mar a bheidh, an Gníomhaireacht ar an eolas láithreach, faoi aon teagmhas a eascraíonn as an ngníomhaíocht ar teagmhas é:
 - (a) a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an screamhuisce nó uisce dromchla a éilliú, nó
 - (b) atá ina bhgairt don aer nó don talamh ó thaobh an chomhshaoil de.
- (18) Mar chuid den phróiseas fógartha, áireoidh an t-oibritheoir, laistigh de 24 huairé an chloig ón am a tharlaíonn aon teagmhas den sórt sin, na sonraí seo a leanas -
 - (a) dáta agus am an teagmhais,
 - (b) sonraí an teagmhais,
 - (c) measúnú ar an truailliú is cúis leis, agus
 - (d) bearta maolaitheacha ceartaitheacha a rinneadh nó atá le déanamh, lena n-áirítear sonraí na mbeart coisctheach.
- (19) Tráth nach déanaí ná an 28 Feabhra gach bliain, déanfaidh sealbhóir an chlárúcháin Tuarascáil Chomhshaoil Bhliantúil, i cibé foirm a aontófar, a thabhairt don údarás áitiúil nó, de réir mar a bheidh, don Gníomhaireacht, ar Tuarascáil í ina mbeidh faisnéis achomair maidir leis an mbliain féilire roimhe sin nó le cuid di, de réir mar a bheidh, i leith na ngníomhaíochtaí lena mbaineann an Deimhniú clárúcháin agus ina dtabharfar sonraí faoin gcaoi inar cuireadh na rialacha atá sonraithe sa Sceideal seo i bhfeidhm.
- (20) Chomh maith leis sin, comhlíonfaidh sealbhóir an chlárúcháin aon rialacha breise chun sruthanna áirithe dramhaíola a bhainistiú:

Cuid II: Saoráidí um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach,

Cuid III: Saoráidí um Ghás Cuisneáin, Halón agus Gás Ceaptha Teasa Fluairínithe,

Cuid IV: Saoráidí Múirínithe um Dhramhaíl Orgánach,
Cuid V: Dramhaíl Orgánach a Leathadh ar an Talamh, agus
Cuid VI: Feithiclí atá Curtha ó Ghluaiseacht a Stóráil.

CUID II

RIALACHA BREISE MAIDIR LE SAORÁIDÍ UM DHRAMHTHREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH

- (1) Comhlíonfaidh sealbhóir an chláirúcháin na ceanglais ar fad de chuid na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Trealamh Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach), 2005 (I.R. Uimh. 340 of 2005), faoi réir aon leasú a dhéanfar ar na rialacháin sin ó am go ham.
- (2) Suífidh sealbhóir an chláirúcháin cad as ar tháinig an dramhthrealamh leictreach agus leictreonach a fhágtar (e.g. a fhágtar ar son scéim um chomhlíonadh comhchoiteann atá ceadaithe chun dramhthrealamh leictreach agus leictreonach a bhainistiú, táirgeoir féinchomhlíontach trealaimh leictreach agus leictreonaigh, úsáideoir deiridh gnó etc.).
- (3) Cuirfidh sealbhóir an chláirúcháin na sonraí ar aghaidh faoi fhoinsé an dramhthrealaimh theaghlaigh leictreach agus leictreonaigh a fhágtar ag saoráid dramhaíola ar son duine (seachas scéim um chomhlíonadh comhchoiteann atá ceadaithe chun dramhthrealamh leictreach agus leictreonach a bhainistiú nó táirgeoir féinchomhlíontach trealaimh leictreach agus leictreonaigh nó sealbhóir tí a fhágann méid dramhthrealaimh theaghlaigh leictreach agus leictreonaigh atá cosúil leis an méid a bheadh ag teaghlach aonair), mar aon le sonraí an duine a fhágann an dramhthrealamh leictreach agus leictreonach ag na húdaráis áitiúla sa limistéar feidhme nó sna limistéir feidhme -
 - (a) ina bhfuil an tsaoráid dramhaíola,
 - (b) ina bhfuil áit ghnó an duine atá ag fágáil an dramhthrealaimh leictreach agus leictreonaigh, agus sa chás nach gnó é, ina bhfuil a áit chónaithe nó a háit chónaithe, agus
 - (c) ina bhfuil áit ghnó fhoinsé an dramhthrealaimh theaghlaigh leictreach agus leictreonaigh lena mbaineann, agus sa chás nach gnó é, ina bhfuil a áit chónaithe nó a háit chónaithe.

CUID III

RIALACHA BREISE LE HAGHAIDH SAORÁIDÍ A GHACANN LE GÁIS CHUISNEÁIN DRAMHAÍOLA, AISCHURTHA NÓ AISGHABHÁILTE I gCOIMEÁDÁIN CHUISNEÁIN NÓ LE HALÓIN DRAMHAÍOLA, AISCHURTHA, NÓ AISGHABHÁILTE I gCOIMEÁDÁIN HALÓIN NÓ LE GÁIS CHEAPTHA TEASA FHLUAIRÍNITE DRAMHAÍOLA, AISCHURTHA NÓ AISGHABHÁILTE I gCOIMEÁDÁIN GHÁIS CHEAPTHA TEASA FHLUAIRÍNITE

- (1) I gcás ina mbeidh na nithe seo a leanas á stóráil go sealadach: gáis chuisneáin dramhaíola, aischurtha nó aisghabháilte i gcoimeádáin chuisneáin nó halóin dramhaíola, aischurtha, nó aisghabháilte i gcoimeádáin halóin nó gáis cheaptha teasa fhluairínithe dramhaíola, aischurtha nó aisghabháilte i gcoimeádáin gháis cheaptha teasa fhluairínithe, déanfaidh an t-oibritheoir na bearta ar fad is gá chun a chinntiú go gcuirfear láimhseáil agus stóráil rialaithe na gcoimeádáin i gcrích ar mhodh a chuirfidh cosc ar sceitheadh nó ar scaoileadh na ngás chuig an atmaisféar.
- (2) I gcás stóráil shealadach ag an tsaoráid:
 - (a) ba cheart gach coimeádán a choinsíniú lena iompar ar aghaidh chuig saoráid údaráithe lena athchúrsáil, a aisghabháil nó a dhiúscairt mar is cuí de réir na gceanglas reachtúil iomchuí maidir leis an gcineál áirithe gáis,
 - (b) níor cheart gáis chuisneáin a mheascadh ná cineálacha ar leith de ghás chuisneáin a aistriú ó shorcóir amháin go ceann eile ionas gur fusa iad a chumasc lena n-iompar ar aghaidh,

- (c) níor cheart halóin a mheascadh ná halóin a aistriú ó shorcóir amháin go ceann eile chun cumasc na ngás a éascú lena n-iompar ar aghaidh,
- (d) níor cheart gáis cheaptha teasa fhlúairínithe a mheascadh ná gáis cheaptha teasa fhlúairínithe a aistriú ó shorcóir amháin go ceann eile chun cumasc na ngás a éascú lena n-iompar ar aghaidh,

CUID IV

RIALACHA BREISE LE hAGHAIDH SAORÁIDÍ MÚIRÍNITHE

Comhlíonfaidh sealbhóir an chlárúcháin ceanglais ar fad na rialachán seo a leanas –

- (1) An Rialachán maidir le Seachtháirgí Ainmhithe (CE) Uimh. 1774/2002 an 3 Deireadh Fómhair 2002,
- (2) An tOrdú fán Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Toirmeasc ar Bhraicheas a Úsáid), 2001 (I.R. Uimh. 597 de 2001),
- (3) An tOrdú fán Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Einceifileapaití Spúinseacha In-tarchurtha) (Mín Feola agus Chnámh agus Scairteach Éanlaithe Clóis), 2002 (I.R. Uimh. 551 de 2002),
- (4) Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Úsáid Sloda Séarachais i dTalmhaíocht), 1998 (I.R. Uimh. (148 de 1998), arna leasú leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Sloda Séarachais i dTalmhaíocht) (Leasú), 2001 (I.R. Uimh. 267 de 2001),
- (5) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Einceifileapaití Spúinseacha In-tarchurtha agus Seachtháirgí Ainmhithe), 2006 (I.R. Uimh. 612 de 2006), agus
- (6) An tOrdú fán Acht um Ghalair Ainmhithe, 2006 (Einceifileapaití Spúinseacha In-tarchurtha) (Leasacháin & Feabhsaitheoirí Ithreach), 2006 (I.R. Uimh. 615 de 2006),

faoi réir aon leasú a dhéanfar ar na rialacháin sin ó am go ham.

CUID V

RIALACHA BREISE MAIDIR LE DRAMHAÍL ORGÁNACH A LEATHADH AR AN TALAMH

- (1) Maidir le dramhaíl orgánach a leathadh ar an talamh, ní cheadaítear a leathach ach múirín a fhaightear as dramhaíl chathrach a scagtar ag an bhfoinse, múirín muisiriún spíonta agus sloda séarachais a úsáidtear chun críocha neamhthalmhaíochta
- (2) Comhlíonfaidh sealbhóir an chlárúcháin ceanglais ar fad na rialachán seo a leanas –
 - (a) An Rialachán maidir le Seachtháirgí Ainmhithe (CE) Uimh. 1774/2002 an 3 Deireadh Fómhair 2002, agus
 - (b) An tOrdú fán Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Toirmeasc ar Bhraicheas a Úsáid), 2001 (I.R. Uimh. 597 de 2001),
 - (c) An tOrdú fán Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966 (Einceifileapaití Spúinseacha In-tarchurtha) (Mín Feola agus Chnámh agus Scairteach Éanlaithe Clóis), 2002 (I.R. Uimh. 551 de 2002),
 - (d) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Einceifileapaití Spúinseacha In-tarchurtha agus Seachtháirgí Ainmhithe), 2006 (I.R. Uimh. 612 de 2006), agus
 - (e) An tOrdú fán Acht um Ghalair Ainmhithe, 2006 (Einceifileapaití Spúinseacha In-tarchurtha) (Leasacháin & Feabhsaitheoirí Ithreach), 2006 (I.R. Uimh. 615 de 2006)

Faoi réir aon leasú a dhéanfar ar na rialacháin sin ó am go ham.

CUID VI

RIALCHA BREISE MAIDIR LE FEITHICLÍ ATÁ CURTHA Ó GHLUAISEACHT A STÓRÁIL

I gcúinsí ina meastar gur baol don timpeallacht bail feithicle atá curtha ó ghluaiseacht, comhlíonfaidh sealbhóir an chlárúcháin na ceanglais stórála atá leagtha amach sa dara sceideal de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite), 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006), faoi réir aon leasú a dhéanfar ar na rialacháin sin ó am go ham.

5. FOIRM IARRATA FAOI AIRTEAGAL 11

Iarraidh chun na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i dtaobh an gá nó nach gá ceadúnas dramhaíola, cead um shaoráid dramhaíola nó deimhniú clárúcháin le haghaidh gníomhaíochta ⁴

Ba cheart fiosrúcháin a bhaineann leis an iarratas seo a chur chuig:

An Oifig um Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní, Bosca Oifig Phoist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman

Teil: 053-9160600

Facs: 053-9160699

R-phost: info@epa.ie

Íosghlao: 1890 335599

Uaireanta oscailte: 9.00am go dtí 5.00pm

Uaireanta na hoifige fáilte: 9.00am go dtí 5.30pm

Ní mór an t-iarratas a chur faoi bhráid an phointe teagmhála chéanna. Is féidir an fhoirm a chur isteach leis an bpost, le facs nó le ríomhphost. Má tá an fhoirm á cur isteach go leictreonach, ní mór í a bheith i bhformáid WORD nó PDF agus ní mór síniú a bheith sa dearbhú, e.g. d'fhéadfaí leagan scanta den chóip chrua bhunaidh shínithe a chur isteach.

Sa chás nach bhfuil dóthain spáis ann, ba cheart faisnéis bhreise a chur i gceangal leis.

Sonraí an duine/an chomhlachta/na cuideachta atá ag déanamh na hiarrata ar chinneadh	
Ainm (Más Údarás Áitiúil é, tabhair ainm an Údaráis Áitiúil)	
Seoladh	
Teileafón	
Facs	
R-phost	
Ainm agus post an teagmhálaí	

⁴Faoi Airteagal 11 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007

<p>Sonraí an duine/an chomhlachta/na cuideachta a bhfuil sé i gceist acu an ghníomhaíocht a sheoladh</p>	
<p>Ainm (Más Údarás Áitiúil é, tabhair ainm an Údaráis Áitiúil)</p>	
<p>Seoladh</p>	
<p>Teileafón</p>	
<p>Facs</p>	
<p>R-phost</p>	
<p>Ainm agus post an teagmhálaí</p>	
<p>Sonraí faoin ngníomhaíocht atá beartaithe</p>	
<p>Suíomh beartaithe⁵</p>	
<p>An tÚdarás Áitiúil ar ina limistéar feidhme atá an ghníomhaíocht suite:</p>	
<p>An leas atá ag an duine a bhfuil an iarraidh á déanamh aige nó aici sa ghníomhaíocht atá beartaithe</p>	
<p>An leis an duine a bheartaíonn an ghníomhaíocht a sheoladh an talamh ar a bhfuil sí le seoladh</p>	

⁵Tabhair léarscáil (scála 1:10,000) ina léirítear suíomh na gníomhaíochta atá beartaithe agus líne dhearg ar an teorainn

Cineál agus méid na gníomhaíochta atá beartaithe					
Tabhair miontuairisc ar chineál na gníomhaíochta atá beartaithe					
Tabhair tuairisc ar chineál agus ar mhéid na dramhaíola /an ábhair nó na n-ábhar atá le bainistiú ag an ngníomhaíocht atá beartaithe lena n-áirítear an bhfuil sí/sé/siad guaiseach nó nach bhfuil					
	Tuairisc	Iontógáil bhliantúil ⁶	Iontógáil iomlán ⁶	Guaiseach	
				Tá	Níl
1					
2					
3					
4					
5					
6					
7					
8					
9					
10					
Iomlán =					

⁶ I dtonaí nuair is dramhaíl sholadach atá i gceist, i dtonaí agus i lítir nuair is dramhaíl leachtach atá i gceist

<p>I gcás gníomhaíochtaí aisghabhála, tabhair sonraí freisin faoin méid dramhaíola iarmharáí a bheidh ann gach bliain lena diúscairt – i dtonaí i gcás dramhaíl sholadach agus i lítir agus i dtonaí i gcás dramhaíl leachtach</p>	
<p>I gcás gníomhaíochtaí múirínithe, tabhair sonraí freisin faoin méid múirín agus bithdramhaíola a choinneofar sa tsaoráid in aon am amháin - i dtonaí agus i méadair chiúbacha</p>	
<p>Tabhair sonraí faoi fhoirse/fhoinsí na dramhaíola /an ábhair</p>	

Teistíocht chun talamh a fheabhsú nó a fhorbairt, e.g. míntíriú talamh feirme nó bunsraitheanna tógála

<p>Tabhair sonraí faoi chuspóir an líonta⁷</p>	
<p>Tabhair sonraí a léiríonn a oiriúnaí atá an t-ábhar mar líonadh, trí thagairt a dhéanamh do chaighdeáin shonracha nuair is féidir⁴</p>	
<p>Sonraigh cibé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar aon phróiseáil ar an ábhar atá le húsáid mar líonadh sula n-úsáidfear é⁴</p>	

<p>Tosca Eile</p>	
<p>Tabhair tuairisc ar aon ghníomhaíochtaí gaolmhara ar an láithreán nó tadhlaigh leis, e.g. gníomhaíochtaí tionscail</p>	
<p>An bhfuil an ghníomhaíocht dramhaíola atá beartaithe mar chuid de phlean dramhaíola níos mó don láithreán lena mbaineann gníomhaíochtaí breise nó an ghníomhaíocht aon uaire í</p>	
<p>Tabhair tuairisc ar an úsáid a bhaintear as an talamh atá tadhlaigh leis</p>	

⁷Tacaigh leis an méid sin trí ráiteas scríofa ó dhuine a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici, e.g. comhairleoir feirme, innealtóir. Tabhair trasghearradh den líonadh atá beartaithe freisin.

Sonraigh aon Limistéir Oidhreachtá Nádúrtha, Limistéir Chosanta Speisialta nó Limistéir Chaomhantais Speisialta atá beartaithe nó ainmnithe agus atá laistigh de láithreán beartaithe na gníomhaíochta dramhaíola nó atá tadhlaigh leis agus laistigh de 2km ón láithreán.	
An bogach láithreán na gníomhaíochta atá beartaithe⁸	
An dteastaíonn aon bhearta cosanta comhshaoil le haghaidh na gníomhaíochta?	
An dteastaíonn aon údaruithe eile le haghaidh na gníomhaíochta? (e.g. cead pleanála, cead ón Aire le haghaidh oibreacha i láithreáin chosanta) agus, más amhlaidh, an bhfuil siad sin socraithe?	

Dearbhú

Iarraim leis seo ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi Airteagal 11 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007 arna leasú cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gá nó nach gá ceadúnas dramhaíola, ceadúnas um shaoráid dramhaíola nó deimhniú clárúcháin le haghaidh na gníomhaíochta atá sonraithe thuas

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san iarratas seo fíor, cruinn agus iomlán.

Toilím don Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an t-iarratas seo a chóipeáil lena úsáid aici féin agus lena chur fáil chun gur féidir leis an bpobal é a scrúdú agus a chóipeáil, i bhfoirm comhaid pháipéir a bheidh ar fáil lena scrúdú in oifigí na Gníomhaireachta agus in oifigí údaráis áitiúil, agus trí láithreán Gréasáin na Gníomhaireachta. Baineann an toiliú seo leis an iarratas féin agus le haon fhaisnéis bhreise ghaolmhar a sholáthróidh mé, aon duine a bheidh ag feidhmiú ar mo shon, nó aon duine eile.

Síniú _____

Dáta _____

Ainm clóite _____

Post _____

⁸ Is é an sainmhíniú ar bhogach: limistéir chorráigh, eanaigh, phortaigh, nó uisce, cibé acu nádúrtha nó saorga, buan nó sealadach ina bhfuil uisce atá ina stad nó ag rith, nó ina bhfuil uisce is fionnuisce, uisce goirt, nó uisce sáile, lena n-áirítear uiscí mara, nach bhfuil níos doimhne ná sé mhéadar ag lag trá.

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

TÁILLÍ

Catagóir an Iarratais (1)	Cineál an Iarratais (2)	An Táille is Iníoctha (3)
1.	Iarratas ar chead um shaoráid dramhaíola de réir airteagal 9.	Aicmí 5, 6 agus 7 €2,000. Gach Gníomhaíocht eile €1,000
2.	Iarratas ar athbhreithniú ar chead um shaoráid dramhaíola de réir airteagal 30.	50% de na táillí is infheidhme i leith iarratas ar chead um shaoráid dramhaíola, nó €100 le haghaidh mionathruithe nach bhfuil athbhreithniú iomlán ag teastáil ina leith.
3.	Iarratas ar dheimhniú clárúcháin de réir airteagal 37.	Aicmí 5, 6 & 7 agus 10 €600. Gach Gníomhaíocht eile €300.
4.	Iarratas ar athbhreithniú ar dheimhniú clárúcháin de réir airteagal 38.	50% de na táillí is infheidhme i leith iarratas ar dheimhniú clárúcháin, nó €100 le haghaidh mionathruithe nach bhfuil athbhreithniú iomlán ag teastáil ina leith.
5.	Iarratas ar chead um shaoráid dramhaíola a aistriú de réir airteagal 27.	25% de na táillí is infheidhme i leith iarratas ar chead um shaoráid dramhaíola.
6.	Iarratas ar dheimhniú clárúcháin a aistriú de réir airteagal 38.	25% de na táillí is infheidhme i leith iarratas ar dheimhniú clárúcháin.

6. Dearbhú Airgeadais

Dearbhú Airgeadais Sínithe:

Is é mo thuairim gur dócha go mbeidh _____ (Ainm an Iarratasóra) in ann aon ghealltanais nó dliteanais airgeadais a chomhlíonadh a thabharfaidh nó a thabhóidh an t-iarratasóir i seoladh na gníomhaíochta dramhaíola lena mbaineann an cead/ clárúchán um shaoráid dramhaíola de réir théarmaí an cheada/an chlárúcháin um shaoráid dramhaíola, nó mar thoradh ar scor den ghníomhaíocht sin a sheoladh.

Síniú: _____

Ainm (Bloclitreacha): _____

Foras Airgeadais (Más infheidhme): _____

Dáta: _____

Stampa Oifigiúil



7. Árachas Dlíteanais Phoiblí

Dearbhú Sínithe:

Deimhním go bhfuil ag an iarratasóir (Ainm) _____

Polasaí um Árachas Dlíteanais Phoiblí a chlúdaíonn a ghníomhaíochtaí is ábhar do Chead um Shaoráid Dramhaíola Uimh. _____ lena n-áirítear:

1. Teorainn Slánaíochta €6.5m ar a laghad i leith aon teagmhas amháin, lena n-áirítear Baoil truaillithe thobanna/ nach bhfuiltear ag súil leo.

2. Slánaíocht chun Chomhairle Contae Shligigh.

3. Dáta éagtha an Pholasaí: _____

Síniú: _____

Ainm (Bloclitreacha): _____

Post nó Teideal: _____

Bróicéir Árachais nó
Cuideachta: _____

Dáta: _____

Stampa Oifigiúil

